Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12990/22**

**SOC 531**
**EMPL 364**
**ECOFIN 939**
**EDUC 331**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (AEPR) agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (EPM), chun go bhformhuineoidh an Chomhairle iad an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Is féidir teacht ar an AEPR iomlán in: 12990/22 ADD 1.

Is féidir teacht ar an EPM in: 12990/22 ADD 2.

**Príomhdhúshláin Fostaíochta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil 2022 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta**

1. I gcomhréir lena shainordú de réir Airteagal 150 CFAE, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag EMCO ar staid na fostaíochta san Aontas Eorpach don Chomhairle. Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar an Monatóir ar Feidhmíocht na Fostaíochta 2022 (EPM[1]), a forbraíodh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna agus chun príomhdhúshláin fostaíochta agus torthaí maithe i margadh an tsaothair a shainaithint ar fud an Aontais agus i ngach Ballstát.

2. Le EPM 2022, déantar príomhspriocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht agus foghlaim aosach a ionchorprú den chéad uair, ar spriocanna iad a mhol an Coimisiún Eorpach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais iad ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021 agus don Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021, chomh maith leis na spriocanna náisiúnta gaolmhara arna leagan síos ag na Ballstáit, ag eascairt as an bplé a rinneadh le seirbhísí an Choimisiúin, agus a cuireadh i láthair ag Comhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2022. Níor mhór roinnt coigeartuithe a dhéanamh ar eagrán 2022 den EPM[2] chun spriocanna 2030 agus an tacar athbhreithnithe de príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, a d'fhormhuinigh EPSCO i mí an Mheithimh 2021, a áireamh.

3. Leanfaidh EMCO agus Grúpa Táscairí EMCO de mhachnamh a dhéanamh ar a n-uirlisí faireacháin, i gcomhréir leis an iarraidh ó Chomhairle EPSCO i Márta 2022[3] ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) leanúint dá gcuid oibre maidir le creataí faireacháin agus tagarmharcála a cheapadh, agus maidir leis na huirlisí faireacháin atá ann cheana a ailíniú a thuilleadh.

---

[1] Leis an EPM, cuirtear le torthaí an Chomhchreat Measúnúcháin (JAF). Is córas measúnaithe táscairebhunaithe é an Comhchreat Measúnúcháin a ullmhaíonn an Coiste Fostaíochta, an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus an Coimisiún go comhpháirteach, lena gcumhdaítear réimsí beartais ginearálta agus sonracha faoi na Treoirlínte Fostaíochta, agus arb é is aidhm dó príomhdhúshláin agus torthaí maithe i margadh an tsaothair a shainaithint ar an gcéad amharc sna réimsí sin agus tacú leis na Ballstáit a dtosaíochtaí a bhunú.

[2] Anuas ar an athrú a rinneadh maidir leis na príomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta a athrú ó 2020 go 2030, is é an príomhathrú a rinneadh ar EPM na bliana seo ná ráta NEET an aoisghrúpa 15-29 mbliana a chur leis, i gcomhréir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus leis an Ráthaíocht Atreisithe don Aos Óg.

[3] Féach 6933/22 ón gComhairle.

4. Déantar achoimre ar phríomhthorthaí EPM 2022 i dTuarascáil Bhliantúil 2022 ar Fheidhmíocht Fostaíochta (AEPR). Leis na torthaí sin, déantar na conclúidí ó fhaireachas iltaobhach an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha na Comhairle (CSRanna) agus moltaí eile ón gComhairle faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh a chomhlánú.

5. Buaileadh margaí an tsaothair, go háirithe i roinnt Ballstát, go dona in 2020 mar gheall ar phaindéim an choróinvíris agus ar na bearta a raibh gá leo chun í a shrianadh. Mar sin féin, bhí cosaint ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar mhargadh an tsaothair le gníomhaíocht bheartais thapa agus chinntitheach ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais. Léirítear i dtorthaí EPM 2022 go raibh an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 le brath go láidir i margadh an tsaothair in 2021. Tháinig méadú géar ar an líon daoine a bhí fostaithe san Aontas agus ar líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh le linn na bliana.

6. Thosaigh ráta fostaíochta an Aontais do dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois ag dul i méid arís in 2021 agus b'ionann é agus 73.1 %, ráta a bhí os cionn an leibhéil a bhí ann roimh COVID, méadú ó 71.7 % in 2020 agus 72.7 % in 2019. I mbeagnach gach Ballstát, tháinig feabhas ar an ráta fostaíochta (20-64 bliana) in 2021 i gcomparáid le 2020. Thairis sin, in 2021, i sé cinn déag de na 27 mBallstát, shroich an ráta fostaíochta (20-64 bliana) an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, a taifeadadh in 2019.

7. Tar éis laghdú 0.9 pointe céatadáin (bliain ar bhliain) in 2020, tháinig méadú ar ráta gníomhaíochta AE-27 don aoisghrúpa 15-64 bliana in 2021 go 73.6 %, i gcomparáid le 72.3 % in 2020, agus ba é rannpháirtíocht na mban agus an aoisghrúpa 55-64 bliana i margadh an tsaothair ba chúis leis an méadú sin den chuid is mó. Mar sin féin, d'fhan ráta gníomhaíochta na mban (idir 15 agus 64 bliana d'aois) beagnach 10 bpointe céatadáin níos ísle ná ráta na bhfear san aoisghrúpa céanna.

8. Tháinig laghdú 0.2 pointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta (i gcás daoine idir 15 agus 74 bliana d'aois) san Aontas in 2021 go 7 %. Thairis sin, tháinig laghdú 1 phointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta san Aontas don aoisghrúpa 15-24 bliana in 2021 go 16.6 % (tá sé fós 1 phointe céatadáin os cionn leibhéal 2019). Ba mhó i bhfad an tionchar a d'imir géarchéim COVID-19 ar dhaoine óga ós rud é gurb iad is mó atá i bhfostaíocht shealadach, an catagóir fostaíochta is mó dá ndearnadh difear. Tháinig laghdú 0.9 % ar ráta na ndaoine idir 15 agus 29 mbliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET) san Aontas in 2021 go 13.1 % ó 14 % in 2020 agus 12.9 % in 2019.

9. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eatramhach an tSamhraidh 2022 ón gCoimisiún, a foilsíodh i mí Iúil, tuartar go dtiocfaidh méadú 2.7 % ar fhíor-OTI san Aontas in 2022 agus go dtiocfaidh méadú 1.5 % air in 2023. Tá an méadú sin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis i Réamhaisnéis an Earraigh 2022 a foilsíodh i mí na Bealtaine, rud atá baolach don ghníomhaíocht eacnamaíoch agus don bhoilsciú ag brath ar a dtitfidh amach a mhéid a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin agus go háirithe na himpleachtaí a bheidh aige ar an soláthar gáis chuig an Eoraip. De réir Réamhaisnéis an Earraigh, tuartar go dtiocfaidh méadú 1.2 % ar an bhfostaíocht san Aontas i mbliana agus go dtiocfaidh méadú 0.7 % uirthi in 2023 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú breise ar na rátaí dífhostaíochta san Aontas go 6.7 % i mbliana agus go 6.5 % in 2023. Tá na figiúirí fostaíochta sa chéad ráithe de 2022 an-dearfach ach ní léiriú iomlán iad ar thionchar an chogaidh san Úcráin. Thairis sin, táthar ag súil gur de réir a chéile a rachaidh daoine atá ag teitheadh ón gcogadh chuig an Aontas Eorpach isteach i margadh an tsaothair agus nach mbeidh aon tionchar nithiúil le brath dá bharr sin ach ón mbliain seo chugainn.

10. An 4 Márta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Theachtaireacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, inar leagadh amach gníomhaíochtaí nithiúla chun prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme a thuilleadh trí iarracht chomhpháirteach ó na Ballstáit agus ón Aontas i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach. Moladh sa Phlean Gníomhaíochta, *inter alia*, trí phríomhsprioc de chuid an Aontais maidir le fostaíocht, foghlaim aosach agus laghdú bochtaineachta atá le baint amach faoi dheireadh 2030: ba cheart go mbeadh 78 %, ar a laghad, den daonra (idir 20 agus 64 bliana d'aois) fostaithe; ba cheart do 60 % ar a laghad de dhaoine fásta (idir 25-64 bliana d'aois) a bheith rannpháirteach san fhoghlaim agus san oiliúint gach bliain; ba cheart laghdú nach lú ná 15 mhilliún a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (le hais 2019).

11. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit a spriocanna náisiúnta féin a shainiú maidir le fostaíocht, foghlaim aosach agus laghdú bochtaineachta chun a straitéisí beartais a cheapadh agus rannchuidiú leis an iarracht choiteann. Faoi mhí an Mheithimh 2022, bhí spriocanna náisiúnta sainaitheanta agus curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit uile, tar éis plé déthaobhach le seirbhísí an Choimisiúin agus dhá phlé iltaobhacha in EMCO-SPC sna míonna roimhe sin. Chuir airí EPSCO na spriocanna náisiúnta sin i láthair agus rinne siad plé orthu le linn chruinniú mhí an Mheithimh 2022.

12. Tríd is tríd, tá leibhéal uaillmhéine an-mhaith ag baint leis na spriocanna maidir le rátaí fostaíochta náisiúnta a chuir na Ballstáit chun cinn. Tá spriocanna leagtha síos ag formhór na mBallstát ag príomhsprioc an Aontais de 78 %, nó os a chionn, faoi 2030, agus is indéanta príomhsprioc an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht a bhaint amach bunaithe ar na spriocanna a cuireadh isteach (is ionann meán ualaithe na spriocanna náisiúnta agus 78.5 %). Ar an meán, shocraigh na Ballstáit sin ag a bhfuil rátaí fostaíochta tosaigh ísle spriocanna níos uaillmhianaí, agus a marana déanta acu ar a seasamh tosaigh, rud atá tábhachtach chun an cóineasú aníos a áirithiú sna 10 mbliana romhainn. Bhí an ráta fostaíochta in 2021 níos airde cheana féin in 8 mBallstát ná príomhsprioc an Aontais de 78 %.

13. Léiríonn formhór na mBallstát leibhéil arda uaillmhéine maidir lena spriocanna náisiúnta chun rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú, lena léirítear na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach. Is amhlaidh an cás go háirithe i gcás go leor de na tíortha sin a thosaíonn ó leibhéil níos ísle, rud a thacaíonn, dá bhrí sin, le cóineasú aníos san Aontas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na luachanna táscaire is déanaí maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas ar fáil do 2016, de thoradh suirbhé speisialta ar an oideachas aosach. Leis an aistriú, in 2022, chuig an suirbhé ar fhórsa saothair an Aontais, ar foinse nua sonraí é, beidh luachanna nua ar fáil in 2023. Ar an gcúis sin, tá cur chuige cáiréiseach roghnaithe ag roinnt Ballstát maidir lena spriocanna náisiúnta a leagan síos. Trí na spriocanna náisiúnta a cuireadh isteach a chomhlánú (ag úsáid meáchain daonra), léirítear go bhfuil easnamh measartha beag de thart ar 2.4 pointe céatadáin ann i ndáil leis an uaillmhian ar leibhéal an Aontais faoi 2030 (57.6 % i gcomparáid le 60 %).

14. Maidir le tosaíochtaí téamacha do na Ballstáit, is léir ó EPM 2022 a léamh gur ann do roinnt príomhdhúshláin fostaíochta (KECS). Maidir le réimse na scileanna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, baineann na dúshláin sin go príomha le mí-oiriúint scileanna agus le rannpháirtíocht íseal san oiliúint. Maidir leis na córais oideachais agus oiliúna, is iad na príomh-shaincheisteanna spleáchas na dtorthaí oideachais ar chúlra socheacnamaíoch agus gnóthachtáil íseal bunscileanna. Sainaithníodh dúshláin i réimse na rannpháirtíochta i margadh an tsaothair, lena n-áirítear i gcás grúpaí sonracha. I roinnt tíortha, léirítear dúshláin a bhaineann le feidhmiú na sochar dífhostaíochta agus/nó tionchar na gcóras cánach agus sochar ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair (e.g. sáinneacha an phá ísil, sáinneacha na dífhostaíochta). I réimse an chomhionannais inscne, is príomhábhar imní é go bhfuil bearnaí fostaíochta idir na hinscní fós ann, agus i réimse na cothromaíochta oibre is saoil, is saincheisteanna tábhachtacha iad soláthar agus glacadh saoráidí cúraim agus tionchar na tuismitheoireachta ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Tá an deighilt i margadh an tsaothair ina ábhar imní fós do roinnt Ballstát, cé go sainaithnítear dúshláin eile i réimse bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair (ALMPanna) agus i bhfeidhmiú na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna).

15. Ina theannta sin, sainaithnítear san anailís 'treochtaí ar fiú súil a choimeád orthu', ar treochtaí coiteanna an Aontais iad, agus 'treochtaí dearfacha le déanaí'. Go háirithe, cuirtear chun suntais san EPM roinnt forbairtí dearfacha don tréimhse 2020-2021: méadú ar an bhfostaíocht iomlán in 18 mBallstát; méadú ar an ráta fostaíochta i gcás daoine idir 20 agus 64 bliana d'aois in 21 tír; méadú ar sciar na ndaoine fásta a bhfuil meánoideachas nó ardoideachas acu i 17 mBallstát; méadú ar rátaí críochnaithe maidir le hoideachas treasach nó oideachas coibhéiseach i 13 Bhallstát; méadú ar rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil (céatadán an daonra fásta idir 25 agus 64 bliana d'aois a ghlacann páirt san oideachas agus san oiliúint le 4 seachtaine anuas) in 22 thír. Deimhnítear cuid de na treochtaí bliantúla sin leis an anailís a rinneadh ar fhorbairtí níos fadtéarmaí thar thréimhse trí bliana.

16. Mar sin féin, sainaithnítear sa EPM roinnt treochtaí diúltacha don tréimhse 2020-2021: méadú ar an neamhghníomhaíocht agus ar an obair pháirtaimseartha mar gheall ar fhreagrachtaí pearsanta agus teaghlaigh i 13 Bhallstát; méadú ar ráta riosca na bochtaineachta do dhaoine dífhostaithe in 11 Bhallstát agus méadú ar an ráta NEET do dhaoine óga idir 15-24 bliana d'aois in 11 tír.

17. Meabhraítear do EMCO gur tugadh faoi deara ina thuairim chothrománach maidir le timthriall 2022 an tSeimeastair Eorpaigh do Chomhairle EPSCO mhí an Mheithimh 2022 go gcuirtear Seimeastar Eorpach cuimsitheach chun tosaigh arís, ina gcuimsítear tuarascálacha tíre agus moltaí tírshonracha neamhfhioscacha chuig na Ballstáit, de bharr eisiúint phacáiste an earraigh 2022, a ghlac an Coimisiún an 23 Bealtaine. Mar sin féin, tá líon na moltaí tírshonracha sna réimsí faoi inniúlacht EPSCO, mar shampla iad siúd a bhaineann le dúshláin fostaíochta, níos teoranta ná mar a bhí sna timthriallta roimhe seo. Admhaíonn EMCO go léiríonn sé sin cineál cuimsitheach na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) a ullmhaíodh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF).

18. I réimse na fostaíochta, cuimsíodh i bPacáiste an Earraigh 7 CSR maidir le hoideachas agus scileanna lena bhfuil tábhacht ar leith ag baint d'fhonn dul i ngleic le ganntanais agus neamhréireanna scileanna agus fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a áirithiú sa chomhthéacs iar-COVID agus i bhfianaise gur gá aistriú glas agus aistriú digiteach atá 'cothrom' a áirithiú. Tugadh aird freisin ar an gcothroime sa chánachas (5 CSR), lenar féidir tacú le múnla fáis níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe agus dídhreasachtaí chun oibre a laghdú, chomh maith le lánpháirtiú agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar chomhionannas inscne (3 CSR) agus leanúint de lánpháirtiú na ngrúpaí is leochailí (3 CSR), agus chun aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair (2 CSR). Moladh dhá CSR freisin maidir le feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta éifeachtach trí na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach ar bhealach níos gníomhaí i gceapadh beartas, cé nach ndearnadh aon mholtaí sonracha maidir le fostaíocht nó pá don aos óg agus socrú pá. Thairis sin, áiríodh i bpacáiste an Earraigh tagairtí cothrománacha dá riachtanaí atá sé dul i ngleic le riachtanais láithreacha na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin tríd an Treoir um Chosaint Shealadach a cuireadh i ngníomh i mí an Mhárta 2022 a lua. I mí an Mheithimh 2022, d'fhormheas Comhairle EPSCO na gnéithe de na moltaí tírshonracha a bhaineann leis an bhfostaíocht agus leis an mbeartas sóisialta. Ghlac an Chomhairle na moltaí tírshonracha do 2022 i mí Iúil 2022.

19. Tugtar le fios san obair faireachais iltaobhaigh a rinne EMCO le déanaí go bhfuil athchóirithe déanta ag na Ballstáit i ngach réimse beartais a shainaithin EPM mar réimsí tosaíochta ach go bhfuil dúshláin fós ann mar a chuirtear i dtreis freisin sna moltaí tírshonracha do 2022.

20. Tá bearta tugtha isteach ag na Ballstáit nó tá sé beartaithe acu bearta a thabhairt isteach chun beartais uas-scilithe agus athscilithe, chomh maith leis an oiliúint dhigiteach, a neartú, chun tacaíocht a leathnú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí leochaileacha, agus chun líon na mball foirne atá ag obair i seirbhísí poiblí fostaíochta a mhéadú. Ba cheart samhlacha seachadta nua maidir le beartas gníomhach mhargadh an tsaothair (ALMP) a fhorbairt i gceart, d'fhonn freisin, tacaíocht chomhtháite a áirithiú dóibh siúd is faide amach ó mhargadh an tsaothair. Ar an gcaoi chéanna, is dúshlán fós for-rochtain a dhéanamh ar ghrúpaí áirithe (lena n-áirítear oibrithe ar bheagán oiliúna, mná, daoine óige agus oibrithe scothaosta) i roinnt mhaith Ballstát, agus d'fhonn an próiseas ceaptha beartas a threorú ar bhealach níos fearr, ní mór do roinnt mhaith Ballstát a gcórais faireacháin agus meastóireachta maidir le ALMPanna a neartú freisin.

21. Níor athraigh an ghéarchéim go mór na príomhthreochtaí a bhaineann le deighilt mhargadh an tsaothair a mbíonn tionchar acu go minic ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Ba iad oibrithe sealadacha na hoibrithe ba mhó a bhí i mbaol a bpoist a chailliúint nuair ba ghéire an ghéarchéim toisc gur lú an chosaint a bhí acu ar thurraingí eacnamaíocha. I roinnt mhaith Ballstát, tá an sciar d'oibrithe sealadacha neamhdheonacha fós ard (d'ainneoin laghduithe a bhaineann le tionchar na géarchéime) agus tá rátaí tiontaithe ó chonarthaí sealadacha nó neamhchaighdeánacha ina gconarthaí buana fós an-íseal i gcónaí, rud a léiríonn go bhfuil bacainní struchtúracha ann a chuireann bac ar aistrithe rianúla i margadh an tsaothair. Tá an sciar d'oibrithe féinfhostaithe spleácha fós ard i roinnt tíortha agus ní mór aird ar leith a thabhairt orthu. Tá reachtaíocht éifeachtach maidir le cosaint fostaíochta fós ina príomhghné chun bearnaí rialála idir fostaíocht chaighdeánach agus fostaíocht neamhthipiciúil a chosc nó a laghdú agus chun dul i ngleic le deighilt. Gabhann tábhacht leis sin freisin a mhéid a bhaineann le cineálacha nua oibre amhail obair ardáin, dá bhfuil a rialáil chuí tábhachtach chun coinníollacha oibre cothroma a áirithiú.

22. Maidir le cánachas saothair, i gcomhthéacs na géarchéime tá coigeartú déanta ag na Ballstáit ar chánacha agus dreasachtaí saothair chun rannpháirtíocht grúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair a mhéadú. Rinneadh an t-ualach cánach ar shaothar a mhaolú go mór i roinnt Ballstát, go háirithe i gcás ioncam íseal agus meánioncam, uaireanta trí athchóirithe cuimsitheacha a dhéanamh ar na córais cánach. Thuairiscigh roinnt Ballstát freisin ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le dídhreasachtaí chun oibre a laghdú don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a bhaineann le gnéithe de na córais sochair chánach.

23. I gcomhthéacs an téarnaimh tar éis na paindéime, agus in ainneoin an ionchais dhiúltaigh eacnamaíoch a bhaineann leis an tionchar atá ag an gcogadh san Úcráin, is iad ganntanais mhéadaitheacha lucht saothair agus neamhréireanna scileanna na dúshláin atá os comhair mhargaí saothair na hEorpa. Mar fhreagairt air sin, tá dlús curtha ag na Ballstáit lena n-iarrachtaí forbairt scileanna a chur chun cinn i gcéimeanna éagsúla de na córais oideachais agus oiliúna, agus béim ar leith á leagan ar scileanna digiteacha. Tá athchóirithe cuimsitheacha ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET) glactha ag a lán Ballstát, nó tá athchóirithe cuimsitheacha á nglacadh acu, lena n-áirítear d'fhonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chomhtháthú i gcóras foghlama aosach níos cuimsithí atá ailínithe le riachtanais mhargadh an tsaothair. Ina theannta sin, glacadh bearta chun solúbthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, mar shampla tríd an módúlacht a neartú.

24. Beidh gá le hiarrachtaí athnuaite de bharr rannpháirtíocht íseal daoine fásta san oideachas agus san oiliúint i bhfianaise sprioc ghaolmhar an Aontais do 2030. I measc na mbacainní ar rannpháirtíocht san fhoghlaim agus san oiliúint tá easpa spreagtha, srianta airgeadais, chomh maith le deacrachtaí idir am oiliúna agus an saol oibre agus an saol príobháideach a réiteach. Tá athchóirithe á ndéanamh sa réimse seo ar fud na mBallstát, agus tá fís chuimsitheach fhadtéarmach ag roinnt acu. I bhformhór na dtíortha, mar gheall ar an infheistíocht a rinneadh i mbonneagair dhigiteacha le blianta beaga anuas, is féidir soláthar cianfhoghlama a mhéadú. I gcásanna eile, tugadh isteach micridhintiúir nó oiliúint mhodúlach. Baineann Ballstáit eile úsáid as dreasachtaí airgeadais, i bhfoirm cuntas aonair oiliúna freisin, chun daoine fásta a spreagadh chun deiseanna foghlama a ghlacadh. Threisigh go leor Ballstát soláthar oiliúna do dhaoine atá i mbun fostaíochta agus go háirithe dóibh siúd atá i mbaol a n-easáitithe.

25. Maidir le hoideachas scoile, tá infheistíochtaí á ndéanamh chun an bonneagar digiteach agus uirlisí digiteacha a neartú, ar bhealach leanúnach leis na bearta a rinneadh cheana le linn phaindéim COVID-19. Tugtar tosaíocht freisin don tacaíocht d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú chomh maith le cáilíocht agus cuimsitheacht na gcóras oideachais agus oiliúna a mhéadú, cé go bhfuil gá fós le hiarrachtaí breise chun athchóirithe struchtúracha san oideachas a chur chun feidhme ina n-iomláine. Tá dúshláin thábhachtacha fós os comhair roinnt Ballstát ó thaobh torthaí oideachasúla de, ar dúshláin iad a léirítear i leibhéal íseal bunscileanna agus in éagothromaíochtaí.

26. Mar fhreagairt ar thionchar díréireach ghéarchéim COVID-19 ar dhaoine óga, choinnigh na Ballstáit tiomantas láidir polaitiúil i leith chur chun feidhme na Ráthaíochta Atreisithe don Aos Óg. Ag an am céanna, tá dúshláin fós ann. Léiríonn an lorg a d'fhág an ghéarchéim ar dhaoine óga, go háirithe na daoine is leochailí, a thábhachtaí atá sé teagmháil a dhéanamh le NEETanna neamhghníomhacha agus leochaileacha. Tá comhthuiscint ann ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige coisctheach chun luathfhágáil na scoile agus neamhghníomhaíocht a laghdú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná neamhghníomhacha agus ar NEETanna a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta nó i gceantair thuaithe agus orthu siúd a bhfuil an iliomad bacainní socheacnamaíocha ag bagairt orthu. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht na dtairiscintí faoin ráthaíocht don aos óg i bhformhór na dtíortha, agus cláraítear torthaí maithe ó thaobh a gcumais fostaíocht chobhsaí a chur ar fáil do dhaoine óga. Mar sin féin, is ábhar imní i gcónaí an ráta athchúrsála[4] sa Ráthaíocht don Aos Óg i roinnt Ballstát.

27. I roinnt mhaith tíortha Eorpacha, is dúshlán fós é rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú, lena n-áirítear líon na n-uaireanta oibre a mhéadú agus an bhearna inscne san fhostaíocht a dhúnadh. Léiríonn an tionchar suntasach atá ag an tuismitheoireacht nó freagrachtaí cúraim ar sholáthar saothair na mban i bhformhór thíortha an Aontais go bhfuil infhaighteacht theoranta saoráidí oideachas agus chúram na luathóige (ECEC) agus cúraim fhadtéarmaigh (LTC) ar cheann de na príomhchonstaicí chun margadh an tsaothair atá níos cothroime ó thaobh inscne de a bhaint amach. Go háirithe, cé gur cuireadh go forleathan le bearta chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar cháilíocht oideachas agus chúram na luathóige (ECEC) ar fud na hEorpa, arb é a bhí mar thoradh air gur bhain an tAontas amach spriocanna Barcelona ar an meán, tá rannpháirtíocht leanaí faoi 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil fós an-íseal i roinnt Ballstát. I gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois, is dúshlán atá ag teacht chun cinn agus a théann níos faide ná an cuspóir rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú é seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a leathnú.

---

4 Tagraíonn 'athchúrsáil', sa chomhthéacs seo, do dhaoine óga a bheith ag filleadh arís agus arís eile ar scéimeanna faoin ráthaíocht don aos óg.

28. San athbhreithniú ó EMCO maidir leis an idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, cuireadh chun suntais a thábhachtaí atá sé ról substainteach a áirithiú don idirphlé sóisialta agus dul thar phróiseas foirmiúil amháin ó thaobh comhairliúchán agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta de. I roinnt tíortha, is gá fós aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na gcomhlachtaí ina mbíonn comhairliúcháin ar siúl, agus, thar aon rud eile, a áirithiú go dtugtar ionadaíocht leordhóthanach do na comhpháirtithe sóisialta uile agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

29. Tá EMCO den tuairim go bhfuil an Seimeastar Eorpach fós ina uirlis éifeachtach chomhordúcháin chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, iomaíochas, fostaíocht, scileanna agus cosaint agus cuimsiú sóisialta leordhóthanach a chothú, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus an athraithe dhéimeagrafaigh, agus i bhfianaise ar eascair as paindéim COVID-19 agus sa chomhthéacs geopholaitiúil dífhasaigh atá ann faoi láthair mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

30. Le timthriall Sheimeastar Eorpach 2023, ba cheart leanúint d’aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i margadh an tsaothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhthéacs geopholaitiúil reatha agus an éiginnteacht a bhaineann leis an ionchas maicreacnamaíoch, agus tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach ag an am céanna. Mar a chuirtear i bhfios san EPM, chun na príomhspriocanna do 2030 a bhaint amach, ní mór dul i ngleic le dúshláin struchtúracha i réimsí na rannpháirtíochta i margadh an tsaothair agus na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair, an oideachais, na scileanna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, fheidhmiú na gcóras cánach/sochar, an chomhionannais inscne agus na cothromaíochta oibre is saoil chomh maith le deighilt mhargadh an tsaothair.